INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2023

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A
SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an mBainisteoir, 'Ceol don Anam,' 58 Bóthar na Grúdlainne, Trá Lí, Co Chiarraí ag gabháil buíochais leis as seit ranga de ghiotáir a bhronnadh ar an scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais, Sráid Maolbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag gearán faoin gcinneadh atá déanta ag an Aire, do scoil a dhúnadh agus a chónascadh le scoil atá suite i lár an bhaile mhóir áitiúil.

(30 marc)

ROINN B
AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Children! Stay out of the pool of water, please.
(b) Stand back, Áine and let Aisling into the line.
(c) Children! Hang up your coats on the rail.
(d) Máire! Do you own these gloves?
(e) Síle! Why are you crying? Did somebody hurt you?
(f) Éamonn! Get the First Aid Box, please!
(g) Did you look in your school bag, Ciarán?
(h) Collect the copybooks, Seán, and put them on my table.
(i) Drink up your milk, children!
(j) Close your school bags now, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Órlaith! May I have a few words with you?
Teacher: Certainly. Is everything alright?
Principal: Yes, everything is fine. I just wanted to ask you about the bus for our visit to the museum next week.
Teacher: I booked the bus yesterday.
Principal: That's great. We will need to send a note to the parents.
Teacher: I'll do that. I will write a note and I'll show it to you at lunchtime.
Principal: That would be very helpful. Put in some information about the things we will see at the museum.
Teacher: I'll do that and I'll put in a timetable for the day.
Principal: Excellent! I'll see you at lunchtime.
Teacher: See you then. Thank-you.

(20 marc)

ROINN C
GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Éanna! (Bailigh) _____ na leabhair anois!
2. A chailíní! Ná (téigh) _____ isteach sa Halla go fóill.
3. Níor (ceannaigh) _____ Cathal an bainne ar maidin.
4. Ní (dún: siad) _____ an leabharlann ag am lóin gach lá.
5. Ar (clois: tú) _____ an cheolchoirm ar *Lyric FM* Dé Sathairn seo caite?
6. (Críochnaigh: mé) _____ an pictiúr dá mbeadh níos mó ama agam.
7. Nach (faigh: sibh) _____ na laethanta saoire amárach?
8. An (bí: sí) _____ ar scoil inné?
9. (Roghnaigh: sí) _____ an fhoireann gach Céadaoin.
10. Dá mbeadh níos mó ama acu, (cabhraigh: siad) _____ san Ionad Lae.
11. (Ól: sé) _____ trí chupán tae gach lá.
12. (Ordaigh) _____ na téacsleabhair nua inné.
13. (Déan) _____ arán úr sa bhácús sin gach lá.
14. Deir Lorcán (ceannaíonn) _____ sé a lón sa siopa sin gach lá.
15. Dúirt na buachaillí (ní bhfuair) _____ siad obair bhaile inné.
16. Dúirt Íde (déanfaidh) _____ sí ealaín leis na páistí amárach.
17. Is breá le Síle a bheith ag (siúl) _____ ar na sléibhte.
18. Tá na cluichí go léir (imirt) _____ don séasúr seo anois.
19. Dá (bog: mé) _____ na boird sin, bheinn in ann am ciorcail a dhéanamh leis na páistí ar an mata.
20. Má (tabhair: tú) _____ na litreacha dom, cuirfidh mé sa phost iad.

An Chopail:

21. Ní (gruagaire) _____ í Deirdre.
22. Is (é) _____ Seán an Príomhoide nua.
23. Ba (dlíodóir) _____ é Ciarán.
24. Nárbh (iad) _____ Róisín agus Conchúr a bhí i láthair?

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.])_____ seo an-chostasach!
26. Tá an (pictiúrlann [bain.]) _____ sin an-chompordach.
27. Bhí an Príomhoide ag labhairt leis an (páiste) _____ sin ag am lóin.
28. Chuir sé fáilte mhór roimh na (imreoirí) _____.
29. Is breá liom tús (an t-earrach) _____.
30. Bíonn an fharraige go hálainn faoi sholas (an ghealach) _____.
31. Tá Bríd ag glanadh (na scuaba) _____ don cheacht ealaíne.
32. Tá fuinneoga (na tithe) _____ sin go hálainn.

An Aidiacht

33. Is í Aisling an duine (is: spórtúil) _____ sa chlann sin.
34. Bíonn mí Eanáir (níos: fuar) _____ ná mí Feabhra de ghnáth.

An Aidiacht Shealbhach

35. Tá na páistí (i: a: cónaí) _____ i mBaile Átha Cliath.
36. Cuir do (mála) _____ isteach faoin mbord.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Tháinig an tAire Oideachais chuig an scoil agus chuir an Príomhoide fáilte (roimh: í) _____.
38. Ar thug an múinteoir cead (do: sibh) _____ dul amach?

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Áine! D'fhág mé na téacsleabhair thíos ag sa Halla. Ar mhiste leat dul _____ chun iad a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Rachaidh Gearóid _____ ag súgradh sa ghairdín nuair a bheidh a dhinnéar ite aige.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 6: _____.
42. Tá cúpla (páiste) _____ as láthair inniu.
43. Beidh beirt (ceoltóir) _____ agus amhránaí sa ghrúpa ceoil sin.
44. Tá seacht (seachtain) _____ fágtha roimh na laethanta saoire.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa uatha den bhriathar 'buail.'

_____.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an dara pearsa iolra den bhriathar 'bailigh.'

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'téigh.'

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'foghlaimeoidh sí.'

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'cheannaigh tú.'

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'tugtar.'

_____.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Fabhalscéalta Aesóip*, in eagar ag Peadar Ó Laoire agus Risteárd Mac Annraoi, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2019, lch 80-81.

Bhí fear saibhir santach ann uair agus bhí ard-dhúil in ór aige. Bhí feirm mhór aige. Dhíol sé an fheirm agus fuair sé mórán óir uirthi. Leag sé an t-ór i dtreo gur dhein sé aon charn amháin de. Ansin dhein sé poll sa talamh in áit uaigneach agus chuir sé an carn mór óir síos sa pholl. Thagadh sé gach aon lá chun na háite ag féachaint ar an gcarn óir. Ba mhór an sásamh aigne leis an carn a fheiceáil lena shúile.
Chonaic bithiúnach é ag dul gach aon lá chun na háite.
'Dar fia!' arsa an bithiúnach ina aigne féin, 'ach tá rud éigin i bhfolach aige siúd san áit úd. Ní mór dom a fháil amach cad é an rud é.'
Lean an bithiúnach é i ngan fhios dó. Chonaic sé ag oscailt an phoill é agus ag féachaint ar rud éigin a bhí thíos sa pholl. Chomh luath agus a bhí sé imithe tháinig an bithiúnach agus d'oscail sé an poll. Rug sé leis an carn óir.
'Is mór an trua an-t-ór a bheith díomhaoin anseo,' ar seisean.
Amárach a bhí chugainn tháinig an fear arís chun an phoill, mar ba ghnáth. D'oscail sé an poll. Bhí an carn imithe! Bhuail sé a dhá bhois agus chas sé an dá olagón déag. Chuala comharsa é.
'Cad é sin ort, arú?' arsa an chomharsa leis.
'Ó!' ar seisean, 'táim creachta, táim creachta!' agus d'inis sé dó i dtaobh an chairn.
Neosfadsa duit cad a dhéanfar,' arsa an chomharsa. 'Aimsigh cloch mhaith mhór, chomh mór leis an gcarn óir a bhí agat. Cuir an chloch síos sa pholl san agus abair leat féin gurb í an carn óir í. Beidh oiread tairbhe agat as an gcloch agus bhí agat as an ór.'

An Múineadh

Is trua é an bochtán saibhir. Bíonn tart air, bíonn ocras air, bíonn fuacht air agus bíonn eagla na mbithiúnach air. Agus ní bhíonn trua ag éinne dó. Ní bhíonn blúire de bharr an tsaibhris aige, ar an saol seo ná ar an saol eile.

Buntuiscint:

1. Cá bhfuair an fear saibhir an t-ór go léir?
2. Cén nós laethúil a bhíodh ag an bhfear saibhir?
3. Cén feall a d'imir an bithiúnach ar an bhfear saibhir?

Tuiscint liteartha:

4. Cén chomhairle a chuir an chomharsa ar an bhfear saibhir?
5. Dar leis an eagarthóir, cén ceacht a mhúineann an fabhalscéal?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as 'Scanraithe,' le hAoife Ní Dhufaigh, in *Sin Scéal Eile: Gearrscéalta Nuascríofa,* An Gúm, 2010, lch 81-82.

Bhí Méabh agus beirt chairde dá cuid – Denise agus Sinéad – suite ar an gclaí sa charrchlós lasmuigh den ionad babhlála. Bhí an triúr acu tar éis an lá ar fad a chaitheamh i gcuideachta a chéile. Bhí an mhaidin caite acu ag gabháil thart sna hionaid siopadóireachta sa bhaile mór ag breathnú ar na héadaí agus ar na bróga deasa galánta a cheannóidís nuair a bheadh an t-airgead acu.
'Is ea – lá éigin amach anseo nuair a bhuafaimid an lató,' arsa Denise.
'Nuair a phósfaimid milliúnaithe,' arsa Sinéad.
Níl fios cén spraoi a bhí ag an triúr cé nár chaith siad leathphingin. Ansin tar éis an lóin chas siad le cuid de na buachaillí agus na cailíní a bhí sa rang céanna leo i Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig agus chuaigh an grúpa ar fad ag babhláil le chéile. Seo socrú a bhí déanta acu an lá a fuair siad laethanta saoire an tsamhraidh mí roimhe sin. Cé nár éirigh leo ar fad a bheith i láthair bhain a raibh acu ann an-sásamh as an ócáid.
Nuair a d'fhág an grúpa slán ag a chéile ag an ionad babhlála ag leathuair tar éis a cúig cheap Méabh, Denise agus Sinéad go raibh sé i bhfad róluath dóibh a bheith ag tabhairt aghaidh ar an mbaile. Bhí an-chraic go deo acu agus ní raibh fonn ar bith ar an triúr scaradh lena chéile fós. Ach cá gcaithfidís an chuid eile den lá? B'in í an cheist.
'Céard faoi a ghabháil chuig an scannán nua sin a raibh na buachaillí ag caint faoi ar ball?' a d'fhiafraigh Méabh. 'Bhí siad á mholadh go hard na spéire.'
'Sin an-phlean go deo,' arsa Denise. 'Tá sé in ainm is a bheith an-bharrúil ar fad.'
Shocraigh siad gurbh in é a dhéanfaidís – rachaidís go dtí an phictiúrlann áitiúil go bhfeicfidís an scannán grinn nua a raibh an oiread sin cloiste acu mar gheall air. Dá n-imeoidís as an mbaile mór láithreach ar an mbus bheidís ag an bpictiúrlann sula dtosódh an scannán ag leathuair tar éis a sé, rud a d'fhágfadh go bhféadfaidís a bheith sa bhaile roimh a haon déag mar a bhí geallta acu an mhaidin sin dá dtuismitheoirí.
Tar éis don triúr a raibh acu dá gcuid airgid a chomhaireamh – agus, go deimhin féin, ní mórán a bhí ann – fuaireadar amach go raibh a ndóthain acu leis na ticéid don phictiúrlann a cheannach. Faraor, ní bheadh tada fágtha don ghrán rósta ná don uachtar reoite. Ach, cén dochar? Nach raibh cuid mhaith rudaí milse ite acu ó mhaidin? I bhfad an iomarca, dar le Sinéad!

Buntuiscint:

1. Cá raibh na cairde ina suí ag tús an tsleachta?
2. Cé mhéad euro a chaith na cairde ar éadaí an mhaidin sin?
3. Cén gealltanas a thug na cairde dá dtuismitheoirí?

Tuiscint liteartha:

4. Cén fáth ar roghnaigh na cairde dul chuig scannán grinn nua?
5. Conas go bhfuil a fhios agat go mbíonn Sinéad ag smaoineamh faoi chúrsaí sláinte?

(10 marc)